Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Samhain 2018
(OR. en)

14281/18
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0376(COD)**

CODEC 2003
ENER 379
ENV 762
TRANS 545
ECOFIN 1053
RECH 489

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Ráiteas ón mBeilg**

Cé gur vótáil sí ina coinne, ní chiallaíonn sé sin nach dtacaíonn an Bheilg go láidir leis an mbeartas i ndáil le fuinneamh inbhuanaithe agus an aeráid mar a leagtar síos sna Conclúidí ón gComhairle i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus atá ann i gcomhaontú Pháras. Thairis sin, géilleann an Bheilg go huile is go hiomlán do phrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh.

Ach dúshlán nach féidir leis an mBeilg a shárú ar bhealach cost-éifeachtach é an sprioc uaillmhianach a leagtar amach sa togra a tíolacadh, Airteagal 7 de ach go sonrach.

Dá ainneoin sin, leanfaidh an Bheilg de rannchuidiú cuiditheach a dhéanamh i dtaobh sprioc Eorpach na héifeachtúlachta fuinnimh.

**Ráiteas ón gCróit**

Cuireann Poblacht na Cróite in iúl gur cúis imní di iad na forálacha in Airteagal 7 agus luachanna na bhfíor-choigilteas bliantúil sa tomhaltas iomlán fuinnimh, agus an sprioc socruithe ag 0.8%. D'fhéadfadh Poblacht na Cróite tacú le comhréiteach de sprioc uasta 0.7%, i gcomhréir lena seasaimh a cuireadh in iúl roimhe seo.

Cé go gcuirfidh cur chun feidhme na mbeart éifeachtúlachta fuinnimh i ngach earnáil go mór le laghdú tomhaltais fuinnimh an Aontais, níl luach 0.8% do na fíor-choigiltis bhliantúla sa tomhaltas foriomlán inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de agus d'fhéadfadh tionchar sonrach diúltach eacnamaíoch a bheith aige ar Phoblacht na Cróite. Dá bhrí sin, beidh Poblacht na Cróite ag staonadh nuair a ghlacfar an téacs deiridh comhréitigh ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2012/27/AE.

**Ráiteas ó Phoblacht na Seice**

Cé gur vótáil sí ina coinne, ní díspreagadh é sin ar Phoblacht na Seice agus í ag leanúint ar aghaidh lena tiomantas do phrionsabal an bheartais éifeachtúlachta fuinnimh, dícharbónaithe agus fuinnimh inbhuanaithe. Dá ainneoin sin, is é ár mbarúil gur dúshlán ollmhór do Phoblacht na Seice í an oibleagáid uaillmhianach a leagtar amach in Airteagal 7, mar a leasaíodh é. Mar thoradh ar an oibleagáid leasaithe is gá athrú bunúsach i gcreat beartais na héifeachtúlachta fuinnimh agus b'fhéidir go mbeadh sé beagnach dodhéanta le baint amach ar bhealach cost-éifeachtach.

Tá Poblacht na Seice tiomanta i gcónaí do chur chun feidhme beartas rathúil éifeachtúlachta fuinnimh agus déanfaidh sí a seacht ndícheall rannchuidiú le sprioc éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais.

**Ráiteas ón bPortaingéil**

D'ainneoin a tiomantas láidir do phrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh ar an gcéad dul síos, athdhearbhaíonn an Phortaingéil na hábhair imní a cuireadh in iúl ag céimeanna níos túisce na caibidlithe maidir leis an ardleibhéal iarrachta a bhaineann le hAirteagal 7 den Treoir.